

Eochairchém 2 Blíanta 6 & 7

# Timpeall an Domhain



## fócas

Agus iad ag aithint an tionchair a oibríonn an teicneolaíocht nua-aimseartha agus an dul chun cinn sa chumarsáid san 21ú hAois ar a saol, tugtar deis do na páistí ionannú leis an phobal dhomhanda le linn cosúlachtaí agus difríochtaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht.

### Na hEalaíona

- an ceol thar na blianta
- stíleanna ceoil
- drámaíocht
- scileanna agallaimh agus láithrithe

### Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct

- sábháilteacht phearsanta a bhaineann le fóin phóca agus leis an idirlíon
- ilchineálacht chultúrtha

### An Domhan Thart Orainn

- áit
- idirspéachas
- athrú le himeacht ama
- gluaiseacht agus fuinneamh

### Corpoideachas

- damhsaí as tíortha éagsúla
- ilchineálacht chultúrtha
- tábhacht na dea-shláinte agus na gníomhaíochta coirp



# Clár

Sa leabhrán seo 'Timpeall an Domhain' tá an méid seo a leanas:

## Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta Foghlama do:

- Na hEalaíona 3
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint 7
- An Domhan Thart Orainn 11
- Corpoideachas 15

## Cur le Forbairt Scileanna

- Cumarsáid 19
- Úsáid na Matamaitice 19
- Úsáid TFC 19
- Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta 20

## Áiseanna Molta

21



## fócas

Agus iad ag aithint an tionchair a oibríonn an teicneolaíocht nua-aimseartha agus an dul chun cinn sa chumarsáid san 21ú hAois ar a saol, tugtar deis do na páistí ionannú leis an phobal dhomhanda le linn cosúlachtaí agus difríochtaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht.

## Na hEalaíona

- an ceol thar na blianta
- stíleanna ceoil
- drámaíocht
- scileanna agallaimh agus láithrithe

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

## An Domhan Thart Orainn

## Corpoideachas

## Patrúin as Timpeall an Domhain

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Fios a bheith agat gur féidir eolas a bhailiú ó scrúdú saothair ealaíne, dheartha agus cheardaíochta.
- A thuiscint gur féidir an ealaín a úsáid le bríonna agus luachanna ó chultúir éagsúla a léiriú.
- Bheith eolach ar an dóigh le teicnící líníochta a úsáid le freagairt don tsamhlaíocht.
- An dóigh a dtig ábhair agus próisis a úsáid le hidéanna a chur in iúl a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Amharc ar phatrúin agus ar mhaisiúcháin ó chultúr nó ó thréimhse a roghnaigh tú. Mar shampla, Maorach, Dúchasach Meiriceánach, Polainéiseach, Méisi-Mheiriceánach, Ioslamach, Hiondúch, Éigipteach, Síneach, Indinéiseach, Afracach, Ionúiteach, Ceilteach.

Déan taighde i mbeirteanna nó i ngrúpaí ag úsáid leabhar leabharlainne, cuairteanna iarsmalainne, rudaí agus déantán, nó úsáid áiseanna ar líne mar <http://www.museum.ie>. Bailigh íomhánna agus eolas atá gaolmhar agus taifead iad i bhformáid infheicthe nó eile.

I ngrúpaí, pleanálann agus déanann na páistí láithriú an ábhair a bailíodh agus úsáideann siad seo mar phointe tosaigh do dhíospóireacht ranga iomláin ar éagsúlacht na ndéantán cultúrtha agus a luachanna ilchineálacha.

Déan líníochtaí gualaigh nó criain de phatrún a aithníodh sa taighde. Úsáidfear na líníochtaí seo mar phointe tosaigh don chéad chéim eile.

I ngrúpaí, roghnaigh na hábhair, na huirlisí agus na próisis a theastaíonn le hathdhéantáin phatrúin a tháirgeadh, bunaithe ar an taighde. Cruthaigh obair ealaíne a fhorbraíonn athdhéantáin phatrúin, frithscáileanna agus teasaláidí a thig a thaiscéaladh i réimse dathanna/dóigheanna agus a fheidhmiú i maisiú rudaí ceirmeacha mar: tíleanna, potaí, árthaí, plaiceanna, mósáicí agus dealbha.

Tagair siar do na híomhánna a taighdíodh agus a úsáideadh mar inspioráid agus iarr ar an rang an méid a rinneadh a chur i gcomparáid leis na déantáin chultúrtha ó amanna agus áiteanna eile.

Taispeáin an obair ar mhaithe le measúnú do na comhpháirtithe agus le féinmheasúnú.

# Tionchair Nua-Aimseartha

## Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a n-úsáidtear ceol le freagairt a dhúiseacht a thuiscint.
- Fios a bheith agat go bhfuil stíleanna ceoil ann a d'athraigh le himeacht ama.
- Bheith in ann patrúin cheoil a chruthú.

## Gníomhaíochtaí Molta

Éist le sraith píosaí codarsnacha ceoil, mar shampla:

- válsa le J Strauss (1825-1899) agus sliocht de cheol dioscó;
- sliocht gairid ceoil le Mozart (1756-1791) agus Arnold Schoenberg (1874-1951);
- amhrán tíre agus popamhrán;
- iomann traidisiúnta agus iomann nua-aimseartha; agus/nó
- port/cor traidisiúnta agus rac-amhrán

I ngrúpaí, éist arís le gach sraith de pháosaí codarsnacha ceoil agus smaoinigh ar cé acu is luaithe a cumadh. Pléigh na píosaí codarsnacha uile agus i ngrúpaí tabhair tuairisc don rang iomlán, ag insint an oird inar cumadh na píosaí, dar leat, agus cad chuige a síleann tú é sin. Mar rang, aontaigh ar an ord inar cumadh iad agus cuir na píosaí ar amlíne. Cuir dhá shliocht i gcomparáid agus i gcodarsnacht ag smaoineamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na píosaí, na huirlisí a úsáideadh, an sliocht is rogha libh agus cad chuige.

Dúisigh idéanna faoi na cineálacha éagsúla ceoil a n-éistear leo nó a bhíonn ar eolas, mar shampla, reggae, rac is roll, snagcheol, rapcheol, cailíopsó, salsa nó buille bángrá. Mar rang iomlán, roghnaigh agus éist le stíl éigin cheoil. Scríobh liricí don stíl a roghnaíodh, mar shampla, rapcheol.

Léigh agus pléigh na liricí ó rogha d'amhráin. Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le taighde a dhéanamh ar stíleanna éagsúla ceoil agus a mbunús. Ag úsáid Slideshow nó PowerPoint, taifead agus cuir na torthaí i láthair an ranga iomláin.

## Domhan na Nuachta

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh le scileanna agallaimh a úsáid.
- An próiseas a bhaineann le pleanáil, cruthú agus láithriú chlár nuachta a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh na rudaí a dhéanann suas clár rathúil nuachta, mar shampla, fad na míreanna, ábhar, scéalta daonna, stíl an láithrithe srl. Cruinnigh scéalta suimiúla nuachta ag úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha. I ngrúpaí, roghnaigh trí scéal as áiteanna tríd an domhan agus athscríobh réamhrá gairid simplí le gach scéal acu.

Ag obair i mbeirteanna, roghnaigh duine atá ag baint leis an scéal le hagallamh ar an suíomh, mar shampla, polaiteoir, réalta scannán, toicí gnó, íospartach, duine ag dul an bealach srl. Scríobh trí nó ceithre cheist oiriúnacha don agallamh. Forbróidh agallaithe a bhfreagraí le tobchumadh. Oibrigh ar luas, thon, urlabhraíocht agus shoiléire do na ceisteanna agus na freagraí. Tig blas, comharthaí agus gothaíochtaí a fhorbairt ag brath ar an duine atá faoi agallamh. Is féidir frapaí mar mhicreafóin, clár fháiscthe agus cultacha simplí a chur ann.

I ngrúpaí ceathair nó seisir, ceap ainm dá gclár nuachta domhanda. Roghnaigh láithreoir nuachta nó beirt, ach déan uainíocht ar ról láithreoirí agus agallaithe le go bhfaighidh gach ball seal. Roghnaigh an ceol nó na maisíochtaí fuaimne le húsáid tríd an chlár. Ag úsáid PowerPoint nó teilgeoir sonraí, roghnaigh íomhánna nó eolas cuí leis na míreanna nuachta a cheangal. Ceangail na míreanna nuachta le leanúnachas éifeachtach do gach seicheamh agus cuir oscailt agus druidim ann atá oiriúnach don chlár nuachta. Úsáid ceamara digiteach leis na clár a thaifeadh.



## fócas

Agus iad ag aithint an tionchair a oibríonn an teicneolaíocht nua-aimseartha agus an dul chun cinn sa chumarsáid san 21ú hAois ar a saol, tugtar deis do na páistí ionannú leis an phobal dhomhanda le linn cosúlachtaí agus difríochtaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht.

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- sábháilteacht phearsanta a bhaineann le fóin phóca agus leis an idirlíon
- ilchineálacht chultúrtha

### Na hEalaíona

### An Domhan Thart Orainn

### Corpoideachas

## R-Oilte Timpeall an Domhain

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar shábháilteacht idirlín.
- An chúis a mbíonn rialacha againn a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht an chumarsáid ar líne le modhanna traidisiúnta cumarsáide. Dírigh ar úsáid na cumarsáide idirlín agus na téacsála mar mhodhanna cumarsáide agus pléigh pointí ina leith agus ina n-éadan. Grúpáil na freagraí dearfach agus diúltach, agus atreisigh go gcaithfidimid sa scoil agus sa bhaile an chumarsáid ar líne a úsáid go críonna. Pléigh sábháilteacht a bhaineann leis an chumarsáid ar líne.

Amharc ar Scéim Duaiseanna Oilteachta Ar Líne Becta do dhaltáí Eochairchéim 2. Dear agus cruthaigh póstaeir nó cairteanna ranga agus teachlaigh faoi chumarsáid shábháilte ar líne. Ardaigh feasacht trí na rudaí seo a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile, ar Grid Club, nó trína scaipeadh ar ranganna eile, ar thuismitheoirí, ghaolta agus phobal na háite.

Cuir le chéile liosta de na dóigheanna éagsúla a dtig linn dul i dteagmháil lena chéile ar fud an domhain sa lá inniu, mar shampla, caint, guthán, fón póca, téacsanna, litreacha, teachtaireachtaí facs, seomraí comhrá agus ríomhphost.

Pléigh an méadú in úsáid fón siúil sa bhaile agus san obair. Déan dianmhachnamh ar impleachtaí dearfacha agus diúltacha a d'fhéadfadh teacht astu, mar shampla, baineann trian de choireanna iomlána sráide le fóin siúil, dochar don tsláinte mar gheall ar iad a úsáid de bharráocht agus sábháilteacht ar bhóithre agus duine ag úsáid fón póca.



# Ilchineálacht Chultúir

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Fios a bheith agat go dtarlaíonn cosúlachtaí agus difríochtaí idir cultúir.
- Fios a bheith agat go gcuireann rudaí éagsúla lenár bhféiniúlacht, ár mballraíocht i ngrúpaí éagsúla san áireamh.
- Straitéisí chun tacú le daoine eile a d'fhéadfadh teagmháil le claontacht nó leatrom a aithint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Liostaigh na grúpaí nó pobail uile a bhfuil tú i do bhall díobh agus an fáth ar/nár mhaith leat gach ceann de na grúpaí. Pléigh an tábhacht atá le bheith bainte le grúpaí áirithe agus an tearmann a chuireann siad ar fáil. Labhair faoin dóigh a mothaíonn sé bheith fágtha amach nó difriúil ar bhealach éigin leo siúd thart timpeall ort. Forbair seo trí na mothúcháin a aithint le níos mó sonraí, i bhfoirm dialainne nó filíochta.

Aithin réimse na gcultúr éagsúil a mhaireann sa phobal agus pléigh an tionchar a bheadh nó nach mbeadh acu ar an saol s'againn. Léirigh an ilchineálacht seo i gcolláid duine amháin, grúpa nó ranga ag úsáid pictiúir irisí agus nuachtán na ndaoine, na n-éadaí, na siombailí, bia agus ceoil.

Roghnaigh cultúr codarsnach [ó phobal na háite más féidir] agus déan taighde ag úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha. I ngrúpaí, comhordaigh an t-eolas a cruinníodh agus cuir i láthair an chuid eile den rang é i bhformáid oiriúnach.



## fócas

Agus iad ag aithint an tionchair a oibríonn an teicneolaíocht nua-aimseartha agus an dul chun cinn sa chumarsáid san 21ú hAois ar a saol, tugtar deis do na páistí ionannú leis an phobal dhomhanda le linn cosúlachtaí agus difríochtaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht.

## An Domhan Thart Orainn

- áit
- idirspleáchas
- athrú le himeacht ama
- gluaiseacht agus fuinneamh

### Na hEalaíona

### Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

### Corpoideachas

## Domhan ar Leith

### Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a dtéann áit i bhfeidhm ar nádúr na beatha a thuiscint.
- Eolas a chur ar ghnéithe agus éagsúlachtaí réimse áiteanna sa domhan againn.
- Bheith eolach ar dhóigheanna a mbíonn an domhan againn idirspiléach.
- Ár bhfreagracht dá chéile a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Ag úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteachta, déan taighde ar bheatha páiste i dtír sa domhan i mbéal forbartha, mar shampla, an India nó an tSaimbia. Cuir seo i gcomparáid le beatha páiste in Éirinn. Pléigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí, mar shampla, i méid na tíre, san aimsir, tírdhreach, acmhainní, fás an daonra, obair, tithíocht, iompar nó oideachas. Taifead agus cuir i láthair na torthaí ar bharr-chairt dhá dhatha ar an ais amháin.

Déan taighde ar dhóigheanna a mbímid ceangailte, mar shampla, le taisteal agus turasóireacht, cabhair, trádáil nó imirce. Smaoinigh ar cé a fhaigheann tairbhe as na ceangail seo, smaoinigh ar fhostú páistí, acmhainní saora, óstáin ilnáisiúnta agus ar cá dtéann an chabhair i dtíortha an domhain i mbéal forbartha.

Fiosraigh cuid de na dálaí is cúis le droch-cháilíocht na beatha i dtíortha i mbéal forbartha, mar shampla, fadhbanna a éiríonn as coilíniú, cogaí, timpeallacht agus aeráid.

Smaoinigh ar dhóigheanna a dtig linn cuidiú le tíortha i mbéal forbartha. Ceap plean gníomhaíochta le tabhairt faoi chuid de na smaointe seo, mar shampla, úsáid táirgí cóirthrádála sa scoil, scríobh chuig cuideachtaí ilnáisiúnta a chuardach eolais ar a mbeartas cóirthrádála nó ar thiomsú airgid. Taifead agus cuir i láthair na torthaí i bhformáidí éagsúla, mar shampla, iris, comhad fíricí nó láithriú ilmheán.

# An Domhan Ag Crapadh

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Na dálaí a luathaíonn idirpleáchas le himeacht ama a thuiscint.
- Eolas a chur ar na dóigheanna a gcuireann daoine iad féin in oiriúint dá dtimpeallacht.

## Gníomhaíochtaí Molta

### Iompar

Cuir le chéile liosta de na gléasanna éagsúla iompair agus grúpáil iad faoi na ceanteidil: tír, muir agus aer. I ngrúpaí beaga, roghnaigh modh iompair agus déan taighde air i dtéarmaí, cineálacha, athrú le ham, aireagán úr, foinsí fuinnimh agus tionchar ar an timpeallacht. Cuir na torthaí i láthair an chuid eile den rang.

### Cumarsáid

Déan arís an gníomhaíocht thuas leis na modhanna éagsúla cumarsáide

### An Domhan Crapthach Ag Feidhmiú

Roghnaigh táirge domhanda gnáthlae, bia, torthaí, mar shampla, nó rís. Aimsigh agus láithrigh a bhunús agus pléigh a infhaighteacht.

Tabhair cuairt ar shármhargadh sa cheantar nó scrúdaigh pacáistiú táirgí a tugadh isteach ón bhaile lena mbunús a dhearbhu. I ngrúpaí, roghnaigh biaghrúpa, mar shampla, torthaí agus glasraí, agus taighdigh an pháirt atá aige i stíl shláintiúil mhaireachtála agus i gcothú cothrom. Fiosraigh feachtas 'cúig cinn sa lá' agus cruthaigh dóigheanna lena chur chun cinn, mar shampla, oideas úr, sos sláintiúil, tionscnamh póstaer.

Taighdigh an próiseas inar laghdaigh feabhsú san iompar agus sa chumarsáid an t-am a ghlacann sé, mar shampla, leis an oráiste a thabhairt ón chrann go seilf an tsármhargaidh. I ngrúpaí, meas an t-am a ghlacadh sé le horáiste a iompar óna bhunáit san aer nó san uisce. Liostaigh na pointí i leith nó in éadan iompair thalaimh/mhara versus aeriompar.

Ag úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha, mar na Leathanaigh Bhuí, margadh an cheantair nó an tIdirlíon, déan taighde ar an fhoinsé is saoire 200 oráiste (nó cibé bia a roghnaigh tú roimhe). Smaoinigh ar cad é mar a thiocfadh leat na horáistí sin a oiriúnú le brabús a dhéanamh, mar shampla, 'Coinnle Chríost' a dhéanamh le díol aimsir na Nollag. Úsáid pacáiste scarbhileoige mar Numberbox 2 leis na costais éagsúla a thaifeadh agus a thaiscéaladh.

## Aireag Leanúnach

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh le triail chothrom a dhéanamh.
- Cinntí a dhéanamh faoi cé, cá huair agus an dóigh le tomhas a dhéanamh.
- An rud a tharla a cheangal leis an rud a tuaradh.
- Bheith eolach ar airíonna ábhar agus ar an cheangal idir iad agus a n-úsáid.
- A thuiscint gurbh fhéidir go mbeadh réimse fuascailtí ar fhadhb.

### Gníomhaíochtaí Molta

Ag úsáid an mhodha iompair a roghnaíodh i gcomhair taighde in 'An Domhan Ag Crapadh', machnaigh ar an ábhar dá ndearnadh é agus mol fáthanna cad chuige.

Dear agus déan mionsamhail feithicle, nó cineál úr iompair, don lá inniu. Déan dianmhachnamh nó suirbhé lena fháil amach cad a theastaíonn ó dhaoine i modh úr iompair, mar shampla, sábháilteacht, compord, costas, foinse fuinnimh inathnuaite agus luas. Pleanáil, dear agus déan samhail a ghlacann ar bord iomlán na ngnéithe seo.

Aontaigh ar thrí cheist a bhaineann leis na samhlacha. Smaoinigh ar na ceisteanna is féidir a fhiosrú sa seomra ranga. Dear agus déan trialacha cothroma le fiosrú. Ar na samplaí b'fhéidir go mbeadh:

- Cén tionchar a oibríonn meáchan ar fhad taistil?
- Cén tionchar a oibríonn méid ar luas?
- An oibríonn dromchla tionchar ar ghluaiseacht?

Roghnaigh modhanna oiriúnacha leis na torthaí a thaifeadh agus a chur i láthair daoine eile.



## fócas

Agus iad ag aithint an tionchair a oibríonn an teicneolaíocht nua-aimseartha agus an dul chun cinn sa chumarsáid san 21ú hAois ar a saol, tugtar deis do na páistí ionannú leis an phobal dhomhanda le linn cosúlachtaí agus difríochtaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht.

## Corpoideachas

- damhsaí as tíortha éagsúla
- ilchineálacht chultúrtha
- tábhacht na dea-shláinte agus na gníomhaíochta coirp

## Na hEalaíona

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

## An Domhan Thart Orainn

# Gabh a Dhamhsa Fud An Domhain

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith in ann damhsaí simplí a dhéanamh, bunaithe ar fhoinn éagsúla damhsa as timpeall an domhain.
- Bheith in ann réimse leathan gníomhaíochtaí, patrún, luasanna, teannais agus leanúnachais a thástáil agus iad ag oibriú leo féin, le páirtí agus i ngrúpa.

## Gníomhaíochtaí Molta

Ag úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha, cuir eolas ar réimse damhsaí traidisiúnta i dtíortha éagsúla ar fud an domhain. Scrúdaigh bunús na ndamhsaí agus an pháirt thábhachtach a bhíonn ag an damhsa i gcultúir agus i dtraidisiúin áirithe. Aithin an mbíonn cuid de na damhsaí go fóill in úsáid sa lá inniu agus smaoinigh ar na cúiseanna a mbíonn, mar shampla, tábhacht na féiniúlachta cultúrtha.

Foghlaim, cleacht agus déan roinnt damhsaí roghnaithe as timpeall an domhain, ag díriú ar stíleanna náisiúnta damhsa. Mar shampla:

- Sasana – Damhsa Fáinne Dorset;
- Éire – Damhsa céilí nó seit;
- Albain – Damhsa an chlaímh, flaing Albanach;
- An Spáinn – Flamenco;
- Tuaisceart Mheiriceá – damhsa líne, treorú molta, damhsaí sciobóil, hip hap;
- An Ghearmáin – An Rince Boise Gearmánach;
- An Tuirc – damhsa boilg; agus/nó
- An Nua – Shéalainn – An Haka

Roimh thosú ar aon cheann de na damhsaí, téigh mar is oiriúnach agus cleacht réimse bunghluaiseachtaí taistil agus céimeanna, le páirtí agus gan pháirtí.

Úsáid físeán nó ceamara digiteach le híomhánna neamhghluaiste nó gluaiste a thógáil le seicheamh gluaiseachta a chruthú a léireodh damhsa náisiúnta. Amharc ar an phíosa scannáin ar ais sa rang agus pléigh agus meas na gluaiseachtaí. Mol feabhsuithe sa damhsa agus cleacht an chéad cheacht eile.

### **NB:**

*Spreag an chruthaitheacht trí na páistí a chur a fhorbairt a gcuid gluaiseachtaí agus idéanna damhsa féin roimh thosú ar theagasc na ndamhsaí seit.*

*Cinntigh go bhforbróidh na páistí tuiscint mhaith agus meas ar na damhsaí náisiúnta a teagascadh tríd an tsraith ceachtanna. Aithin na teicnící agus foirmeacha a úsáideadh i ngach damhsa.*

# Taistealaí Domhanda

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Cad é mar a mhothaíonn an corp, socair agus ag bogadh a aithint agus a mhíniú.
- An gaol idir aclaíocht choirp agus sláinte mhaith a thuiscint.
- Na cúiseanna le héadaí a athrú don aclaíocht choirp a thuiscint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Spreag idéanna faoin tábhacht atá le fanacht aclaí agus folláin le haclaíocht agus gníomhaíocht shábháilte. Pléigh an dóigh a mhothaíonn an croí ar fos, le linn agus i ndiaidh aclaíochta. Cad é atá ag tarlú dár gcoirp? Pléigh athruithe i mbuile an chroí agus sa ráta anáilaithe, teocht an choirp agus allas. Tabhair moltaí faoin mhéid d'aclaíocht choirp a mholtar sa lá a chuirfeadh feabhas ar shláinte an chroí agus na gcnámh. Liostaigh agus pléigh an réimse moltaí. Inis don rang na moltaí is déanaí gur chóir do gach duine óg bheith páirteach in aclaíocht choirp atá measartha dian ar feadh 30 nóiméad go haon uair an chloig gach lá (féach suíomh gréasáin Fhoras Croí na hÉireann ag [www.irisheart.ie](http://www.irisheart.ie) le tuilleadh eolais a fháil). Pléigh an mbíonn duine ar bith acu páirteach sa mhéid molta laethúil. Soiléirigh an chiall atá le 'measartha dian'. Cuir le chéile liosta de dhóigheanna a dtiocfadh leis an rang bheith níos gníomhaí ar bhonn laethúil agus socraigh sprioc ranga don tseachtain seo romhainn.

### Gníomhaíochtaí Praiticiúla:

Tabhair pasanna 'folmha' do na páistí agus inis dóibh go bhfuil siad ar tí dul ar thuras iontach timpeall an domhain. Roghnaíonn na páistí duine a thaistealódh an domhan ina gcuideachta. Déanann siad léarscáil bhealaigh le cuairt a thabhairt ar Sheacht nLontas an Domhain (ceangail le gníomhaíocht in An Domhan Thart Orainn). I ngach áit ar a dtugann siad cuairt, tá tasc aclaíochta le déanamh acu sula stampáiltear a bpas, mar shampla:

- Cuir i gcéill dul a dhreapadh suas cnoc trí dhreapadh ar agus as binse nó fráma dreapadóireachta ar feadh 30 soicind;
- Seán ag Léimneach;
- Sodar ar an Láthair;
- Scipeáil.

**Cathracha** – Iarr ar na páistí ceithre chathair atá ar eolas acu a ainmniú.

Ceap gníomhaíocht do gach cathair, mar shampla:

- Béal Feirste – Sodar ar an láthair;
- Londain – Brú aníos;
- Baile Átha Cliath – Seán ag Léimneach;
- Páras – Suí suas;
- Amstardam – Máirseáil ar an láthair;
- Nua-Eabhrac – Preabadh Liathróide ar an Láthair.

Úsáid oiread cathracha agus is oiriúnach agus cuir le chéile cúrsa simplí gníomhaíochtaí, ag déanamh aclaíochta i ngach cathair ar feadh nóiméid amháin. B'fhéidir gur mhaith leis na páistí líon na ngluaiseachtaí a dhéantar athuair a thaifeadadh. Tóg scíste ar feadh trí nóiméad, ansin déan arís.

Is féidir seo a athdhéanamh i gceachtanna eile agus tig a dhéanamh níos dúshlánaí ach an t-am agus líon na n-athdhéantaí a mhéadú i ngach cathair. B'fhéidir go mbeadh sé níos praiticiúla an rang a roinnt ina ghrúpaí agus gach grúpa a thosú i 'gcathair' eile agus sealaíocht a ghlacadh thar an am.



Iarr ar an rang a ráta análaithe a thomhas roimh an seisiún, lena linn agus ina dhiaidh, trí lámh amháin a leagan ar a gliabh agus an lámh eile ar a ngoile. Cuir síos ar agus taifead mar a mhothaíonn sé, mar shampla, te le linn tromanálaithe nó alathe le linn análaithe shocair.

Cinntigh go dtéann na páistí mar is cuí agus go mbíonn éadach agus coisbheart oiriúnach orthu roimh thosach gach seisiún. Fuarraigh i gcónaí i ndiaidh gach seisiún gníomhaíochta nó ag deireadh gach ceachta.

# Cur le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

## Cumarsáid

- Réimse leathan foinsí a úsáid le heolas ábhartha a aimsiú agus a úsáid.
- Labhairt ar chuspóirí éagsúla ag úsáid stór focal atá ag leathnú.
- Caint a struchtúru agus a sheicheamhú agus tú ag cuimhneamh ar an lucht éisteachta.
- Idéanna a thaiscéaladh agus a fhorbairt agus freagairt do dhearcadh daoine eile.
- Obair a chur i láthair agus in iúl i réimse foirmeacha agus ar dhóigheanna éagsúla.
- Obair a eagrú agus a struchtúru go neamhspleách.
- An obair a sheiceáil i gcomhair beaichte agus í a athdhréachtú leis an chiall a fheabhsú.

## Úsáid na Matamaitice

- Taobh istigh de chomhthéacsanna a bhfuil cuspóir leo sonraí a aithint, a bhailiú agus a thaifeadadh.
- Eolas a fháil ó réimse graf agus léaráidí agus conclúidí a tharraingt.
- Stór focal a bhaineann le dóchúlacht a úsáid.
- Clog 12 agus 24 uair a úsáid.
- Na céatadáin shimplí a bhíonn in úsáid gach lá a úsáid.

## Úsáid TFC

- Eolas/áiseanna a thaighde, a roghnú, a chur in eagar agus a chur i láthair ag úsáid réimse foinsí digiteacha.
- Áiseanna faighte nó féintáirgthe, san áireamh, téacs, uimhir, fuaim, íomhánna neamhghluaiste nó gluaiste a phróiseáil, agus iad a chomhcheangal lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, ag léiriú feasacht ar lucht éisteachta agus ar chuspóir.
- Smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí théacs a chruthú agus a chur in eagar ar an scáileán, á chomhcheangal seo le híomhánna agus/nó fuaimneanna arna roghnú mar is cuí.
- Modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le heolas a chur in iúl, a chomhroinnt agus a mhalartú le comhpháirtithe.
- Fadhbanna i dtimpeallacht dhigiteach a fhiosrú agus a fhuascailt.

## Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

**Bainistiú Faisnéise:** Fiafraigh ceisteanna is doimhne agus is leithne leis an tasc a shoiléiriú, agus le spriocanna a shocrú. Ciall de lucht éisteachta agus chuspóir a bheith agat. Forbairt modhanna comhordaithe agus taifeadta eolais agus le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn taisc.

**Smaointeoireacht, Fadhbrioteach agus Cinnteoireacht:** Aithint patrún agus caidreamh. Míniú agus cosaint modhanna, tuairimí agus conclúidí. Déanamh agus tástáil tuartha, agus ceangal cúiseanna agus iarmhairtí féideartha. Idirdhealú idir fóras agus tuairim. Tuiscint de níos mó ná aon dearcadh amháin. Scrúdú roghanna agus meá rudaí i leith agus in éadan. Tástáil fuascailtí agus cur chuige eile.

**Bheith Cruthaitheach:** Déanamh turgnamh ar dhóigh spráúil. Tóraíocht fadhbanna agus agóid in éadan an ghnáthmhodha. Aithint deiseanna in earráidí agus i dteipeanna. Tógáil ar do smaointe agus eispéiris féin agus ar chuid daoine eile, ag úsáid iomlán na gcéadfaí. Déanamh turgnamh le dearthaí, gníomhaíochtaí agus torthaí éagsúla. Léiriú measa ar smaointe daoine eile.

**Ag Obair le Daoine Eile:** Éirí neamhspleách. Aiseolas a thuiscint agus freagairt dó. Glacadh freagrachta as taisc agus ról i ngrúpaí. Oibriú i dtreo comhréitigh agus tosú a bhainistiú easaontais.

**Féin-Bhainistiú:** Éirí féindírithé trí oibriú leat féin. Oibriú i dtreo spriocanna pearsanta. Measúnaigh an méid atá siad a fhoghlaim agus cuir a gcur chuige i gcomparáid lena chéile. Aithint an dóigh a bhféadfadh a bhfoghlaim bheith mar an gcéanna/difriúil i gcómhthéacsanna difriúla.

## Áiseanna Digiteacha

### Bogearraí TFC

<p><b>C2K :</b> Microsoft Powerpoint</p> <p>ComicLife – ar fáil ó <a href="http://www.plasq.com">www.plasq.com</a> (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge leis an chlár seo)</p> <p>PhotoStory3 – (Is féidir seó sleamhnán a chruthú go gasta a bheidh ar fáil ar C2K ó Mhí Mheán Fómhair 2009)</p> <p>LearningNI – Network – Encarta</p> <p>LearningNI – Network – AudioNetwork</p> <p>LearningNI – Network – UrZone</p>	<p>LearningNI – Network – Infomapper (Léarscáileanna OS)</p> <p>Damhán Alla – Blackcat) Amharc faoi ‘Webpage Creation/ Design’</p> <p>2Simple Software – 2Connect: (Clár a dhéanann Gréasáin Topaicí.)</p> <p>Beir Bua 1 CD ROM – (Gael Linn) ISBN: 1904174124</p> <p>Beir Bua 2 CD ROM – (Gael Linn) ISBN: 1904174132</p> <p>Gaelspell 2007 Litreoir Gaeilge – (Cruinneog: 2008)</p> <p>Ceart Gramadóir Do Windows – (Cruinneog: 2008)</p>
---	---

### Suímh Gréasáin Mholta

<p>BBC Northern Ireland Learning <a href="http://www.bbc.co.uk/ni/learning">www.bbc.co.uk/ni/learning</a></p> <p>British Heart Foundation <a href="http://www.bhf.org.uk">www.bhf.org.uk</a></p> <p>Learntings – Persuasive Writing resource <a href="http://www.learntings.co.uk">www.learntings.co.uk</a></p> <p>Media Education <a href="http://www.mediaed.org.uk">www.mediaed.org.uk</a></p> <p>Museums and Galleries of Northern Ireland <a href="http://www.magni.org.uk">www.magni.org.uk</a></p> <p>Online newspaper for children <a href="http://www.childrens-express.org">www.childrens-express.org</a></p> <p>Físeáin de dhamhsaí difriúla domhanda – i mBéarla <a href="http://www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/">www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/</a></p> <p>Físeán ar ‘Tionscadal na Saimbia / Project Zambia’ – 6 fhíseán ar fad’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/</a></p>	<p>Físeán ar ‘An Bhriotáin’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/384/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/384/gaeilge/</a></p> <p>Físeán ar ‘Corn na Breataine’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/429/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/429/gaeilge/</a></p> <p>Físeán ar ‘Asturias’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/292/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/292/gaeilge/</a></p> <p>Físeán ar ‘Oileán Mhanainn’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/442/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/442/gaeilge/</a></p> <p>Físeán ar ‘An Bhreatain Bheag Thuaidh’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/499/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/499/gaeilge/</a></p> <p>Físeán ar ‘Glaschú’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/438/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/438/gaeilge/</a></p>
--	--

## Áiseanna Digiteacha ar leanúint

### Suímh Gréasáin Mholta

Físeán ar 'Oileán Íle', atá suite idir Éire agus Albain <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/723/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/723/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Amstardam' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/386/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/386/gaeilge/</a>
Físeán ar 'Iúr Cinn Trá' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/498/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/498/gaeilge/</a>	Físeán ar 'An Róimh' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/536/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/536/gaeilge/</a>
Físeán ar 'San Diego' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/532/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/532/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Logainmneacha Bhéal Feirste' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/433/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/433/gaeilge/</a>
Físeán ar 'Nua Eabhrac' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/504/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/504/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/</a>
Físeán ar 'Bostún' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/363/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/363/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Capoeira' – ealaín/damhsa ó thraidisiún na Brasaíle <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/</a>
Físeán ar 'Alexandria, Virginia' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/326/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/326/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/</a>
Físeán ar 'Chicago' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/460/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/460/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Carthaigh Quill, Amhránaí Ceoldráma' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/425/gaeilge/">http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/425/gaeilge/</a>
Físeán ar 'An Ostair' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/452/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/452/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire – Damhsa Gaelach – (Físeán 3) <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/</a>
Físeán ar Ollscoil Notre Dame, Indiana <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/111/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/111/gaeilge/</a>	Físeán ar Iontaobhas Spiorad Inis Ceithleann' – Iontaobhas a thugann Caitlicigh agus Protastúnaigh óga le chéile. <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/529/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/529/gaeilge/</a>
Físeán ar 'Parás' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/508/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/508/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Taispeántas 'Irish at War' ' – in Iarismalann Uladh <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/473/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/473/gaeilge/</a>
Físeán ar 'Inbhear Nis, an Albain' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/471/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/471/gaeilge/</a>	Físeán ar 'Turasóireacht in Iarthar Bhéal Feirste' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/520/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/520/gaeilge/</a>
Físeán ar 'Barcelona' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/455/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/455/gaeilge/</a>	Suíomh agus Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Ceol (Físeán 4) <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/</a>
Físeán ar 'An Eilvéis' <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/525/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/525/gaeilge/</a>	

## Áiseanna Digiteacha ar leanúint

### Suímh Gréasáin Mholta

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Ceol Traidisiúnta (Físeán 5)  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/)

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Rac-Cheol (Físeán 6)  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/)

Físeán ar 'Nollaig Brolly' – ceoltóir agus amhránaí ó Dhún Geimhin  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/505/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/505/gaeilge/)

Físeán ar 'Allan Mac Donald' – píobaire clúiteach as Albain  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/379/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/379/gaeilge/)

Físeán ar 'Píobairí Ard Mhacha'  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/310/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/310/gaeilge/)

Físeán ar 'Ealaín na Gaeltachta'  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/435/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/)

Físeán ar 'Ciarán Sweeney' – dearthóir Éireannach  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/461/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/461/gaeilge/)

Físeán ar 'Teanga Chomharthaíochta'  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/404/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/404/gaeilge/)

Físeán ar 'Na Cluichí Speisialta Oilimpeacha'  
[http://www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/557/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/557/gaeilge/)

Físeán ar 'Sportsability' – Lá spóirt trasphobail agus trasábaltachta  
[http://www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/528/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/528/gaeilge/)

Wikipedia i nGaeilge  
[www.ga.wikipedia.org](http://www.ga.wikipedia.org)

Ceol agus fuaimanna saor in aisce – i mBéarla  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net) Net work → Audio Network

Sean-leaganacha den pháipéar laethúil 'LÁ' Brabhsáil an 'Digital Edition Archive'  
[www.nuacht.com](http://www.nuacht.com)

Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka 2' ó COGG): 2.3 'Gleo Glór Fothram Callán Torann', 2.7 'Éist le hEolaíocht', 2.4 'Suas Leat', 2.9 'Ag Tógáil Tí', 2.13 'Báid agus Longa', 2.15 'Bréagáin', 2.19 'Leictreachas'.  
<http://194.149.76.112/COGG/StudentMaterials/stm.aspx?id=311>

Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka' ó COGG  
<http://194.149.76.112/COGG/StudentMaterials/stm.aspx?id=312>

Raidió Fáilte, Béal Feirste  
<http://www.raidiofailte.com/>

Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam  
[www.ceim.gaa.ie/menranganna.html](http://www.ceim.gaa.ie/menranganna.html)

Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam  
[www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html](http://www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html)

Suíomh ar uisce agus ar shaolré an bhradáin  
<http://www.somethingfishy.ie/childirish/irishdirectory/directoryindex.htm>

An Stair Mórthimpeall Orm: Áiseanna an Mhúinteora  
[www.cogg.ie/StudentMaterials/stm.aspx?id=325](http://www.cogg.ie/StudentMaterials/stm.aspx?id=325)

Áiseanna do pháistí ar an Timpeallacht  
[www.epa.ie/researchandeducation/education/primary/](http://www.epa.ie/researchandeducation/education/primary/)

Réimse leathan de shuímh gréasáin agus fhíseán a bhaineann leis an dúlra agus an timpeallacht  
<http://www.bbc.co.uk/irish/video/9/gaeilge/>

Cuardaigh 'Blasanna an Domhain – LearnPremium'  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net)

Cuardaigh 'Cé a reáchtálann an scoil s'againne?'  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net)

Cuardaigh 'Ceiliúraimis'  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net)

Suíomh 'Ard-Mhúsaem na hÉireann'  
[www.museum.ie](http://www.museum.ie)

Suíomh 'Irish Heart Foundation'  
[www.irishheart.ie](http://www.irishheart.ie)

**Áiseanna Traidisiúnta**

## Leabhair/Ábhair Theagaisc

**Active School Resource Packs** British Heart Foundation, 2001

**The Computer Age** Rhys Lewis (Hodder Wayland, 1991)  
ISBN: 07502 0139 8

**Ceol Abú Rang 3** – (Carroll Education)  
ISBN: 9781844500987

**Ceol Abú Rang 4** – (Carroll Education)  
ISBN: 9781844500994

**Ceol Abú Ardranganna September** – (Carroll Education) ISBN: 9781844501007

**Bualadh Bos 5** – (Carroll Heinemann)  
ISBN: 9781844500420

**Bualadh Bos 6** – (Carroll Heinemann)  
ISBN: 9781844500444

**Seo an Eolaíocht – Fuaimanna** – (An tÁisíonad: 2000)  
ISBN: 9781903597040

**Daidí Áine** – (An tÁisíonad: 2008)  
ISBN: 9780732748081

**A Chara ón Todhchaí** – (An tÁisíonad: 2008)  
ISBN: 9780732748151

**Leabhar Mór an Eolais** – (An Gúm: 2008)  
ISBN: 9781857916348

**Scéalta Slítheánta** – (An tÁisíonad: 2008)  
ISBN: 9780732748173

**Céim ar Chéim 8 – Béir Bhána** – (An tÁisíonad: 2004)  
ISBN: 079013022X

**Céim ar Chéim 9 – Dobhareacha** – (An tÁisíonad: 2004)  
ISBN: 0790130289

**Céim ar Chéim 11 – An Búmaraing** – (An tÁisíonad: 2004)  
ISBN: 0790130378

**Céim ar Chéim 18 – Ollphlanda don Ollphlanda** – (An tÁisíonad: 2005)  
ISBN: 0790130726

**Céim ar Chéim 20 – Léigh Leat faoin Mhíorchat** – (An tÁisíonad: 2005)  
ISBN: 0790130823

**Na Trí Muca Beaga – Leabhar Mór** – (An tÁisíonad)  
ISBN: 0732745446

**Déanaimse Mo Chion** – (An Gúm: 2007)  
ISBN: 9781857916829

**Fuar** – (An tÁisíonad: 2008)  
ISBN: 9780732748197

**Amelia Earhart** – (An tÁisíonad: 2008)  
ISBN: 9780732748142

**Meascán Moncaithe** – (An tÁisíonad: 2007)  
ISBN: 9780732747442

**Taismí Tairbheacha** – (An tÁisíonad: 2008)  
ISBN: 9780732748203

**Rogha Gach Bia** – (An tÁisíonad: 2007)  
ISBN: 9780732747459

**Féach Thart 3** – (An Gúm: 2004)  
ISBN: 1857912772

**Féach Thart 4** – (An Gúm: 2002)  
ISBN: 1857912829

**Féach Thart 5** – (An Gúm: 2003)  
ISBN: 1857914724

**Timpeall an Domhain Rang 4** – (Folens: 2008)  
ISBN: 9781847410672

**Timpeall an Domhain Rang 5** – (Folens: 2008)  
ISBN: 9781847410689

**Timpeall an Domhain Rang 6** – (Folens: 2008)  
ISBN: 9781847410693

## Áiseanna Traidisiúnta ar leanúint

### Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

'Media', BBC Television, Spring 2004 including:

- Newsreader – A Day in the Life of...
- Sports Report
- Show Time

(Tá nótaí múinteora agus ábhar idirghníomhach dalta ar fáil ar shuíomh gréasáin an BBC).

**Dlúthdhiosca 1 agus 2** – (An Gúm: 2008)  
ISBN: 9781857917376

**Peigín Leitir Móir** – Amhráin agus Rannta Traidisiúnta Gaeilge, Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan (Futa Fata: 2005)  
ISBN: 9780955098376

*Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, bhí na suímh gréasáin molta beo.*



Foilseachán de chuid CCEA © 2009



**COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG  
☎ +44 (0)28 9026 1200 📠 +44 (0)28 9026 1234 📞 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

